eTwinning National QUALITY LABEL

# CUIR CHUIGE OIDEOLAÍOCHTA

## CUSPÓIRÍ OIDEACHASÚLA A LEAGAN AMACH

**SONRACH**
Soiléir agus simplí.

**INTOMHAISTE**
Cuspóirí incháilíochtúla.

**INBHAINTE AMACH**
Cuspóirí agus réadúil agus indéanta.

**ÁBHARTHA**
Ábhartha i gcomhthéacs na scoile agus na scoláirí.

**SPRIOC-AM AG BAINT LEIS**
Amlíne shoiléir, spriocdhátaí réadúla.

## CUIR CHUIGE OIDEOLAÍOCHTA AGUS TOGRAÍ TEAGAISC.

**RÉIMSE CUR CHUIGE OIDEOLAÍOCHTA**
A spreagann an fhoghlaim ghníomhach neamhspleách.

**SCOLÁIRELÁRNACH**
Is gníomhairí iad na scoláirí i bpróiseas na foghlama agus cruthaithe táirgí.

**NUÁLAÍOCHT & CRUTHAITHEACHT**
Úsáid nua agus cruthaitheach nó cur le chéile cur chuige agus teicnící oideolaíochta.

eTwinning

Funded by the European Union

Is togra de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a mhaoiníonn Erasmus+, an clár Eorpach don Oideachas, Oiliúint, Óige agus Spórt é eTwinning. Réitíodh an cháipéis seo do AS um Oideachas agus Cultúr an Choimisiúin Eorpaigh, ach ní léirítear ann ach tuairimí na n-údar, agus ní féidir leis an gCoimisiún a bheith freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.

# COMHTHÁTHÚ CURACLAIM

## COMHTHÁTHÚ CURACLAIM IN ÁBHAR AMHÁIN NÓ NÍOS

Tagann gníomhaíochtaí ó chuspóirí agus ábhair an churaclaim in ábhair éagsúla.

## CUR CHUIGE ILDISCIPLÍNEACH

Is toradh an chomhoibrithe idir ábhair éagsúla iad torthaí an tionscadail, mar sin, déanann múinteoirí an fhoghlaim ilghnéitheach agus cruthú táirgí ildisciplíneacha a bhfuil foirmeacha éagsúla ag baint leo (amhrán, filíocht, scéal, tarraingt, póstaer, mír físe, turgnamh srl.) a phleanáil agus a mhonatóireacht.

## PRÍOMHCHUMAIS (EOLAS, SCILEANNA, AGUS DEARCTHAÍ)

Léiríonn cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail forbairt scileanna agus cumais (mar shampla, ceann nó roinnt inniúlacht ón g Creat Eorpach).



© Pathdoc, Pikselstock/ stock.adobe.com

Funded by the European Union

Is togra de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a mhaoiníonn Erasmus+, an clár Eorpach don Oideachas, Oiliúint, Óige agus Spórt é eTwinning. Réitíodh an cháipéis seo do AS um Oideachas agus Cultúr an Choimisiúin Eorpaigh, ach ní léirítear ann ach tuairimí na n-údar, agus ní féidir leis an gCoimisiún a bheith freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.

# COMHOIBRIÚ I MEASC SCOILEANNA COMHPHÁIRTEACHA

eTwinning National QUALITY LABEL

## STRAITÉISÍ DON CHOMHOIBRIÚ I MEASC MÚINTEOIRÍ

Mar chuid den phlean oibre a aontaíodh, tá monatóireacht a dhéanamh ar chruinnithe nó ar ghníomhaíochtaí comhordaithe eile a dhéanamh taifeadadh, faoi mar is cuí, ar athbhreithniú agus leasú na gcur chuige tosaigh.

## STRAITÉISÍ DON CHOMHOIBRIÚ AR LÍNE I MEASC SCOLÁIRÍ

Eagraítear cuid de na gníomhaíochtaí nó iad ar fad ionas gur féidir le scoláirí ó scoileanna éagsúla idirghníomhú, cumarsáid a dhéanamh le chéile, agus comhoibriú chun sprioc roinnte a bhaint amach a bhaineann le táirge deiridh roinnte a dhearadh.a Eagraítear an obair i bhfoirne idirnáisiúnta.

## COMHTHÁIRGÍ A CHRUTHÚ

Is toradh chomhoibriú scoláirí ó scoileanna páirteacha, agus rannpháirtíocht daoine aonair comhtháite ann, an chuid is mó de na táirgí.



eTwinning

Funded by the European Union

Is togra de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a mhaoiníonn Erasmus+, an clár Eorpach don Oideachas, Oiliúint, Óige agus Spórt é eTwinning. Réitíodh an cháipéis seo do AS um Oideachas agus Cultúr an Choimisiúin Eorpaigh, ach ní léirítear ann ach tuairimí na n-údar, agus ní féidir leis an gCoimisiún a bheith freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.

eTwinning National QUALITY LABEL

# ÚSÁID TFC

## ROGHA AGUS ÚSÁID TFC (NA HUIRLISÍ TEICNIÚLA AR FAD)

### ÚSÁID CHRUTHAITHEACH UIRLISÍ TFC

Roghnaítear na huirlisí TFC chun teacht le cuspóirí an tionscadail. Cuirtear an uirlis in oiriúint ar bhealach cruthaitheach chun spriocanna an tionscadail a bhaint amach.

### RÉIMSE

Tá réimse uirlisí sa tionscadal. Tá rogha uirlisí éagsúla do gach gníomhaíocht. Cuirtear tuairimí na scoláirí san áireamh agus rogha á phiocadh agus is féidir leo rogha eile a mholadh.

### INROCHTAINEACHT

Tá na huirlisí inrochtana agus éasca le húsáid. Tá ceardlanna/treoir chun cabhrú leis na scoláirí iad a úsáid go neamhspleách.

### OIRIÚNACH Ó THAOBH AOISE

Úsáideann scoláirí uirlisí TFC (atá oiriúnach dá n-aois), go háirithe chun táirgí faoi leith a dhéanamh.

## BAINISTIÚ TWINSPACE

### STRUCHTÚR AGUS EAGRÚCHÁN

Tá an TwinSpace eagraithe agus éasca le leanúint. Tugann eagar an TwinSpace (nó a leithéid) deis do chuairteoirí eagar oideolaíochta an tionscadail agus a dhul chun cinn a leanúint go soiléir.

### INROCHTAINEACHT

(Más féidir) tá scoláirí cláraithe ar an TwinSpace agus is féidir leo leathanaigh agus ábhar a mholadh, a chruthú agus a leasú.

### FEIDHMIÚLACHT

Úsáideann múinteoirí agus scoláirí araon an TwinSpace.

## CEISTEANNA GDPR, CÓIPCHIRT, AGUS R-SHÁBHÁILTEACHTA

### EOLAS PEARSANTA COSANTA

Tá an t-eolas pearsanta ar fad sa tionscadal cosanta ag pasfhocal.

### RIALACHA IOMPAIR/ BÉASAÍOCHTA IDIRLÍN

Tá rialacha soiléire leagtha síos do gach ball an tionscadail maidir le comhoibriú ar líne.

### CÓIPCHEART

Cloítear le coinníollacha an cheadúnais chóipchirt i gcás na gcomhad, íomhánna, agus físeán a úsáidtear.

eTwinning

Funded by the European Union

Is togra de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a mhaoiníonn Erasmus+, an clár Eorpach don Oideachas, Oiliúint, Óige agus Spórt é eTwinning. Réitíodh an cháipéis seo do AS um Oideachas agus Cultúr an Choimisiúin Eorpaigh, ach ní léirítear ann ach tuairimí na n-údar, agus ní féidir leis an gCoimisiún a bheith freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.

# TORTHAÍ AGUS CÁIPÉISÍOCHT

## BAINT AMACH NA GCUSPÓIRÍ, NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS NA N-ASCHUR A LEAGADH AMACH

### CUSPÓIRÍ A BHAINT AMACH

Baintear na cuspóirí a leagadh amach ag tús an tionscadail amach. Tá torthaí inbhraite ann.

## MEASÚNÚ AN TIONSCADAIL

### ANAILÍS

Déantar measúnú leanúnach le linn an tionscadail. Tá measúnuithe ó mhúinteoirí agus ó na scoláirí le feiceáil agus déantar anailís orthu.

## SCAIPEADH EOLAIS

### SCAIPEADH EOLAIS

Scaipeadh eolais faoin tionscadal taobh amuigh den seomra ranga- sa scoil, sa phobal, sa tír- trí imeachtaí, líonraí sóisialta, meáin áitiúla nó náisiúnta (páipéir nuachtáin, teilifís, Idirlíon, blaig scoile, suíomhanna idirlín, cainéil).



© Seventyfour, Elnur / stock.adobe.com

eTwinning

Funded by the European Union

Is togra de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a mhaoiníonn Erasmus+, an clár Eorpach don Oideachas, Oiliúint, Óige agus Spórt é eTwinning. Réitíodh an cháipéis seo do AS um Oideachas agus Cultúr an Choimisiúin Eorpaigh, ach ní léirítear ann ach tuairimí na n-údar, agus ní féidir leis an gCoimisiún a bheith freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.